An Chéad Bhliain (Staidéar Lárnach)



Iarratais agus Fiosrúcháin

Iarratais ar áiteanna ar an gcúrsa AD111 tríd an CAO (www.cao.ie) roimh 1 Feabhra.

Moltar iarratais a dhéanamh ar an idirlíon.

Chomh maith le hiarratas a dhéanamh tríd an CAO, CAITHFIDH IARRTHÓIRÍ FILLTEÁN OIBRE A CHUR ISTEACH roimh an spriocdháta ag tús Mhí Feabhra, ar a dhéanaí. Ní chuirfear é seo in iúl d'iarrthóirí go hindibhidiúil agus ní dhéanfar iarratais dhéanacha a mheas. Dá bhrí sin, moltar duit sonraí a cheadú ar an suíomh gréasáin www.ncad.ie ó Shamhain na bliana roimh ré, sula ndéanann tú iarratas, nó sa réamheolaire a fhoilsítear don bhliain acadúil seo chugainn, nó cuir glaoch orainn san Oifig Iontrála ag an uimhir 01.636 4200.

Níl san eolas foilsithe seo ach treoir agus ní ionann é agus conradh idir an Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha agus aon mhac léinn nó aon pháirtí eile.

Clúdach: Bileog Shaothair Tionscnaimh 'Things a Book Can Be' **Leasaithe i Mí Lúnasa 2006**

Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha
National College of Art & Design
Coláiste Aitheanta d'Ollscoil na hÉireann
A Recognised College of the National University of Ireland

NCAD
100 Thomas Street, Dublin 8, Ireland
T +353.1.636 42 00 **F** +353.1.636 42 07
E fios@ncad.ie **W** www.ncad.ie

An Chéad Bhliain (Staidéar Lárnach)

Tá an chéad bhliain den chúrsa céime onórach 4 bliana sa Chriadóireacht; Gloine & Miotail; Oideachas; Dearadh Faisin; Mínealaín; Dearadh Teicstílí & Amharc-Chumarsáid tiomanta do staidéar lárnach sna hamharcealaíona, a shaibhríonn agus a leathnaíonn teanga na samhlaíochta ag na mic léinn agus a sholáthraíonn forbairt leathan agus éifeachtach i dtreo sainstaidéir níos déanaí. Tá béim sa chéad bhliain ar amharc-thaighde mar mheán iniúchta agus measúnaithe smaointe.

Amharc-Oiliúint

Cuirfear le do shaineolas, do thuiscint agus d'fheasacht ar mhodhanna oibre, ar ábhair agus ar phróisis na n-amharc-ealaíon, tríd an dearadh, an líníocht, an phéinteáil, déanamh priontaí, meáin agus staidéar ar ealaín thríthoiseach. Sa chéad téarma reáchtálfar tionscnaimh agus ceardlanna chun taithí a thabhairt duit ar ilghnéitheacht smaointe agus ar ilghnéi-theacht phróisis. Tabharfaidh siad ábhar machnaimh phearsanta duit chomh maith, a chuideoidh leat smaoineamh ar an mbealach seo.

Beifear ag súil go nglacfaidh tú páirt, chomh maith, i dturais seachtaine a eagraíonn an coláiste. Is turais chónaithe iad seo, ar fán ón gcoláiste, mar a roinneann mic léinn agus lucht teagaisc seachtain oibre lena chéile. Is é is cuspóir leis na turais ná malairt timpeallachta oibre a sholáthar, atá go hiomlán éagsúil ó shaol an choláiste.

Sa dara téarma, beifear ag súil go dtioc-faidh fás ar do mhuinín agus ar do thaithí, a spreagfaidh tú beartú a dhéanamh ar an sainréimse staidéir den Ealaín & Dearadh is fearr leat agus a ngabhfaidh tú leis i mbliain a dó, a trí is a ceathair. Ní gá duit an cinneadh seo a dhéanamh láithreach, agus is féidir d'aigne a athrú. Beidh

tuairim níos fearr agat cén sainréimse is fearr a oirfeadh duit, trí dhul i gcomh-chomhairle leis an bhfoireann & le ranna éagsúla an Choláiste i rith na bliana agus ar bhonn na hoibre sainiúla a bhíonn ar bun agat.

Reáchtáiltear ranganna teagaisc, ina ndéanann na teagascóirí forbairt iarmhar-tach na hoibre idir lámha a phlé leat, ar bhonn rialta. De réir mar atá an bhliain ag dul ar aghaidh agus fás ag teacht ar do mhuinín agus ar do thaithí, beidh tairbhe níos mó le baint agat as na ranganna teag-aisc seo. Glacaimid leis go mbeidh sé de stuaim ionat ranganna teagaisc a lorg, mar chuid lárnach den phróiseas foghlama.

Cuid riachtanach den chéad bhliain agus de na blianta a leanas, is ea an lá gach seachtain ina ndéantar staidéar ar Stair na hEalaíne & Dearaidh agus Staidéir Chomhlántacha (HADCom). Cé gurb é an Dámh an Chúltúir Radharcaigh, a reáchtálann é seo, ba chóir, ó thaobh oideachais de, go nglacfaí leis mar ghné riachtanach den phróiseas lárnach foghlama. Nuair is cuí, bainfidh teagascóirí feidhm as an tagairt a dhéanann tú don ábhar atá léite agat, agus do léachtaí agus do thaispeántais ar fhreastail tú orthu, mar spreagadh don obair phraiticiúil agat.

Míneofar na critéir mheasúnaithe duit ag tús na bliana agus pléifear a n-impleachtaí leat ó thaobh do chuid oibre de, ar bhonn rialta. Coimeádfar ar an eolas tú i dtaobh do dhul chun cinn, ní hé amháin ó thaobh measúnaithe de, ach toisc go gceapaimid gur chuid thábhachtach é tú a chur ar do shuaimhneas. Creidimid san obair foirne – i measc na mac léinn agus na dteagasc-óirí – atá ag tabhairt faoi eachtra foghlama ar chonair anaithnid. An dá ról atá againne mar fhoireann ná tréimhse ilghnéitheach agus spreagúil sa choláiste a chur ar fáil duit agus tacaíocht iomlán intleachtach agus theicniúil a thabhairt duit ó lá go chéile. An ról atá agatsa mar mhac léinn ná dul i ngleic, go diong-bháilte, leis an dúshlán oiliúna atá romhat i rith na bliana.

A *Turas: obair idir lámha*
Field Trip: Work in Progress

B+C *Múnlaí tríthoiseacha tógtha mar léaráidí*
3-dimensional models constructed as illustrations

A

B

C